# Scéal, Scéal, Scéal...

22 Feabhra 2024 || Eagrán 185

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*



# CRUINNIÚ AG ‘BÁNÚ’ LEIS AN AIRE TITHÍOCHTA

Chas toscaireacht ó Choiste na hEagraíochta BÁNÚ leis an Aire Tithíochta, Darragh O'Brien TD., i gCathair na Gaillimhe le gairid, leis na príomhéilimh is na moltaí atá ag BÁNÚ a chur faoi bhráid an Aire, maidir le soláthar tithíochta sa nGaeltacht do chainteoirí Gaeilge. Tar éis an chruinniú dúirt Cathaoirleach BÁNÚ, Aoife Ní Chonghaile, go raibh siad an-sásta leis an gcruinniú. Dúirt sí gur thug an tAire le fios go mbeadh leasú á dhéanamh aige ar an mBille Pleanála atá os comhair na Dála faoi láthair. Bunaithe ar an gcruinniú, táthar ag súil go mbeidh an dréacht de na treoirlínte pleanála don Ghaeltacht, atá réitithe ag an Roinn Tithíochta, réidh le foilsiú aimsir na Cásca agus go mbeadh tréimhse comhairliúcháin phoiblí ann ar feadh 30 lá. Bunaithe ar an amlíne sin, bheifear ag súil go mbeadh na treoirlínte oifigiúla foilsithe faoi dheireadh an tSamhraidh.

# CEARDLANN FAOI ÚSÁID SUBSTAINTÍ

Tá an coiste sláinte i gClub Iomanaíochta Bearna / Na bhForbacha ag tabhairt cuireadh do dhaoine atá ós cionn a 18 mbliana d’aois, freastal ar cheardlann faoi chúrsaí alcóil, drugaí agus na himpleachtaí a bhaineann leo. Is ócáid chomhpháirteach í seo atá eagraithe idir Rannóg Pobail agus Sláinte an Chumainn Lúthchleas Gael & an tasc fórsa áitiúil do dhrugaí agus alcól. Beidh an cheardlann ar siúl idir a 7 agus a 9 ar an Déardaoin 29 Feabhra, in Óstán Cois Fharraige. Beidh an cheardlann saor in aisce. Má tá suim agat a bheith i láthair, seol téacs chuig Rose ag 085 724 8994 nó https://forms.office.com/e/Hdqy6wmihz

# CIORCAL COMHRÁ



Cuireadh tús le Ciorcal Comhrá seachtainiúil ag Muintearas le gairid. Tiocfaidh an grúpa le chéile chuile Chéadaoin @ 10r.n. Deis do dhaoine a theacht le cheile atá ann le haghaidh comhrá agus comhluadar. Díreofar ar chúrsaí ceardaíochta ar nós cniotáil, cróiseáil, ealaíon agus péinteáil ach fáilteofar roimh smaointe eile freisin, ar ndóigh! Le tuilleadh eolais a fháil, is féidir teagmháil a dhéanamh le 085 844 6802

# COMHGHAIRDEAS, A MHAIRÉAD!

D’fhógair Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, le gairid go bhfuil Mairéad Ní Fhlatharta ainmnithe ag Ionad Léann na hÉireann mar Amhránaí Sean-Nóis Cónaitheach 2024. Is as Baile an tSléibhe í Mairéad agus tá sí ag canadh ó aois 7 mbliana nuair a thosaigh sí ag freastal ar ranganna ag an nGaelacadamh. Deir Mairéad go raibh tionchar thar a bheith láidir ag leithéidí Pat Phádraic Tom Ó Conghaile agus Peatsaí Ó Ceannabháin, nach maireann, ar a cuid amhránaíochta. Deir Mairéad go bhfuil an-mheas aici ar amhránaíocht agus ceird de chuid Sheosaimh Uí Éanaí agus Dharach Uí Chatháin agus gur tharraing sí ar ghnéithe éagsúla ó na hamhránaithe sin lena stíl phearsanta féin a bhunú agus a fhorbairt. Luann Mairéad na ceannródaithe Dara Bán agus Caitlín Maude freisin mar fhoinsí inspioráide di i dtaobh cúrsaí sean-nóis. Tabharfaidh Mairéad faoi cheardlanna ag Ollscoil na Gaillimhe ag tosú ar an gCéadaoin 28 Feabhra @ 6i.n. Tá na ceardlanna á thairiscint saor in aisce. Le níos mó eolais a fháil, ní mór teagmháil a dhéanamh le Samantha ag 091 492 051 nó ag samantha.williams @universityofgalway.ie.



# GRADAIM DO CHOLÁISTE CHOLMCILLE

Ba mhaith le Coláiste Cholmcille comhghairdeachas ó chroí a dhéanamh le Daniel Mac Eochagáin agus Aonghus Ó Fátharta ar bronnadh gradam orthu ag an 'Medtronic Junior Engineering Awards 2023'. Bhain Daniel agus Aonghus sár-mharcanna amach san ábhar innealtóireachta sna scrúduithe stáit na Sraithe Sóisearaí 2023. Bhí siad ar beirt den 3.8% is fearr sa tír go náisiúnta san ábhar don bhliain 2023. Bhí an searmanas bronnta ar siúl san ionad nuálaíochta chustaiméara ag Medtronic i gcathair na Gaillimhe ar an Déardaoin 18ú Eanáir. Tá siad ag leanúint leis an traidisiún fada duaiseanna náisiúnta a bhuachaint san ábhair innealtóireachta tharr na blianta i gColáiste Cholmcille. Tá an scoil ar fad fíor bhródúil astu.



# CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

Tiocfaidh Club Leabhar Chois Fharraige le chéile ar an 13 Márta le haghaidh oíche airneáin 's ceilúrtha ar an leabhar 'Seanchas Jimmí Chearra Chois Fharraige'. Beidh Pádraic Ó Cearra i láthair ag caint faoin leabhar a chur sé in eagar lena athair Jimmí. Beidh ceol ar an oíche ó Mhicheál Darby Ó Fátharta agus amhráin nó dhó ó Cholm Jimí Ó Curraoin. Cuirfear tús le cúrsaí @ 8:30 i dTigh Mholly. Tá an ócáid urraithe ag an gCiste Tacaíochta do Sheachtain na Gaeilge chomh maith le Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga.



# AN DR. CLÍODHNA NÍ MHURCHÚ: LÉACHT AR AN gCEATHRÚ RUA

Mar chuid de na léachtaí atá á reáchtáil ag Cumann Bhéaloidis Chonamara, tabharfaidh Dr Clíodhna Ní Mhurchú píosa cainte bunaithe ar "An Dr Elsie Murphy: ón gCeathrú Rua go Príosún Chill Mhaighneann." Chaith Elsie Murphy seal ina dochtúir íoclainne i mBéal an Daingin le linn an Chogadh Cathartha (1922/23). Ba í an chéad bhean a d'oibrigh mar dhochtúir sa gceantar. Bhí cúlra láidir poblachtánach aici, agus bhí sí gníomhach i gCumann na mBan. Mar gheall ar a cuid polaitíochta, gabhadh í ar an gCeathrú Rua i 1923 agus chaith sí sé mhí sa bpríosún i mBaile Átha Cliath. Is dochtúir í Clíodhna Ní Mhurchú, as Cois Fharraige, a bhfuil BA aici sa tseandálaíocht agus sa nGaeilge, chomh maith le MA seandálaíochta san oisté-eolaíocht. Tá spéis aici sa stair áitiúil agus sna scéalta atá fós le n-insint. Tá spéis ag Clíodhna i gcúrsaí taighde ginealaigh agus taighde staire. Beidh an léacht seo ar siúl ar an Déardaoin 29ú Feabhra 2024, in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, ar an gCeathrú Rua ag 8i.n.

# FOLÚNTAIS AG COMHARCHUMANN SAILEARNA

Tá folúntais fógartha le gairid ag Comharchumann Sailearna. Tá Bainisteoir Tograí lán-aimseartha á lorg chomh maith le Riarthóir páirt-aimseartha. Glacfar le hiarratais ar na folúntais seo go dtí Dé hAoine 29 Márta @ 5i.n. Tá gach eolais le fáil ach teagmháil a dhéanamh leis an gComharchumann ar 091 399199, nó is féidir teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig sailearna@gmail.com



# FOLÚNTAIS AG AN ITT

Fáiltíonn an ITT roimh iarratais do phostanna mar Oibrí Luath-bhlianta, ar bhonn lánaimseartha agus páirt aimseartha. Ní mór d'iarrthóirí cáilíocht Leibhéal 5 nó 6 i gCúram Leanaí (QQI/FETAC nó a chomhionann) a bheith acu. Tá Gaeilge líofa riachtanach do na poist. Tá an ITT ag glacadh le hiarratais freisin do ról an leas-bhainisteora. Beidh an leasbhainisteoir freagrach as cúnamh agus tacaíocht i leith riaradh agus bainistiú an ionaid, ina iomláine. Tá an eagraíocht ag glacadh le hiarratais do ról an bhainisteora freisin. Beidh an té a cheapfar freagrach as riaradh agus bainistiú sheirbhísí an ITT, (seirbhísí naíolainne, naíonraí, chlubanna bricfeasta agus seirbhísí iarscoile). Le cur isteach ar aon cheann de na postanna thuasluaite, ní mór iarratais agus CV a sheoladh chuig ittancranntaca@gmail.com nó: ag An Rúnaí, An Crann Taca/Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Eolas breise ar fáil ag 091 399199 nó ittancranntaca@gmail.com. Glacfar le hiarratais go dtí Dé Máirt 27 Feabhra

# COMÓRTAS NUACHT CÚLA4

Tá comórtas á reáchtáil ag Nuacht Cúla4 le ceiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain na Gaeilge 2024 agus iad sa tóir ar iriseoirí óga (5-12) ar mian leo a bheith ar an teilifís! An duais a bheas le buachan ná pacáiste nuachta de do chuid féin ar an teilifís, taibléad le scéalta nuachta a thaifeadadh, chomh maith le neart féiríní Nuacht Cúla4! Na treoirlínte a bhaineann leis an gcomórtas ná go gcaithfí mír a mhaireann nóiméad amháin (ar uasmhéid) a thaifeadadh, a chlúdaíonn imeacht reatha nó ábhar suimiúil i do cheantar. Caithfidh go mbeidh an mír réitithe i bhformáid 16:9 (tírdhreach), ar thaibléad nó fón póca. Tá breis eolais le fáil ag www.cula4.com

# CUMANN CAMÓGAÍOCHTA CHOIS FHARRAIGE

**Tá Cumann Camógaíochta Chois Fharraige ag réiteach don chéad séasúr eile. Chuige sin beidh dianchúrsa Scileanna Camógaíochta ag tosú ar an Domhnach 25 Feabhra, ar An Spidéal, do chailíní agus mná ó Chois Fharraige (12 bhliain d'aois +). Beidh ocht seisiún ar siúl thar cheithre seachtaine. Is deis é seo do mhná/chailíní ar mhaith leo filleadh ar an gcamógaíocht, nó d'imreoirí ar mhaith leo scileanna a fheabhsú. Beidh costas €30 ar an gcúrsa. Is féidir tuilleadh eolais a fháil, nó clárú don chúrsa, ach teagmháil a dhéanamh le Páid ag 087 3012510, nó le Martina ag 087 6372941. Cuirfear tús go luath le traenáil faoi dhíon d'imreoirí an chumainn agus beidh fáilte roimh imreoirí nua, ó sé bliana d'aois agus níos sine, clárú leis an gCumann Camógaíochta. Is féidir clárú ar líne freisin ag www.foireann.ie. Is féidir ríomhphost a sheoladh chuig coisfharraige21@gmail.com le tuilleadh eolais a fháil.**

# CLG MICHEÁL BREATHNACH

**Tá CLG Micheál Breathnach ag glacadh le baill nua, d'fhoirne faoi aois, faoi láthair. Le himreoir faoi aois a chlárú, chaithfí sonraí thuismitheora/chaomhnóra amháin, ar a laghad, a chlárú chomh maith. Seo a leanas na teagmhálaithe faoi aois atá ag an gcumann don bhliain 2024. Don pheil, is féidir teagmháil a dhéanamh le Paul Ó Neachtain ag peilnanogmb@gmail.com. Do chúrsaí iománaíochta, is féidir labhairt le Caroline Uí Chadhain ag iomaintnanog@gmail.com, nó tá Bridie Uí Chionnaith, cláraitheoir an chlub, ar fáil ag clarumb1@gmail.com. Iarrtar go mbeadh baill nua cláraithe roimh 31 Márta i mbliana.**

# GAELCHARA

Tá Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga sa tóir ar chainteoirí líofa/dúchais, chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge le tabhairt faoin scéim 'Gaelchara'. Scéim teanga atá inti áit a thagann foghlaimeoir Gaeilge agus meántóir (cainteoir líofa/dúchais) le chéile leis an nGaeilge a chleachtadh agus a úsáid. Moltar go gcasann na rannpháirtithe le chéile thart ar uair in aghaidh na seachtaine agus go ndéantar é seo ar feadh trí mhí nó 30 uair an chloig – cibé chén sprioc a bhaintear amach ar dtús! Iarrtar ar an bhfoghlaimeoir dialann a choinneáil le taifead a bheith acu ar an méid atá foghlamtha le linn na scéime. Tá saoirse iomlán ag na rannpháirtithe maidir le cén chaoi a gcaitear a gcuid ama – téann daoine ar shiúlóidí, le haghaidh cupán tae nó caife nó casann daoine eile ar a chéile le taitneamh a bhaint as caitheamh aimsire comónta atá acu. Caithfidh go bhfuil na rannpháirtithe ag cur futhu i gCois Fharraige, agus ní féidir aon ghaol fola nó pósta a bheith ann idir na rannpháirtithe. Ag deireadh na scéime, bronntar €250, chomh maith le teastas ar na rannpháirtithe. Eagraítear oíche shóisialta do na rannpháirtithe freisin. Tá an scéim á reáchtáil ag an bhFóram Pleanála Teanga le trí bliana anuas le breis 's seasca 'Gaelchairde' 'theis páirt a ghlacadh inti go dtí seo! Le níos mó eolais a fháil faoin scéim, nó le clárú di, is féidir teagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com Bheadh An Fóram sásta dá mbeadh an pobal sásta an scéal a scaipeadh agus an scéim a mholadh do chainteoirí líofa/dúchais agus foghlaimeoirí Gaeilge ar aon.



COIS FHARRAIGE
Fóram um pleanáil teanga

# GAELCHARA

## - CHOIS FHARRAIGE -

Ar mhaith leat feabhas a chur ar do chuid Gaeilge?
Ar mhaith leat cuidiú le duine eile a gcuid Gaeilge a fheabhsú?
Tá tú uainn!!

Tá Fóram um Pleanáil Teanga Chois Fharraige sa tóir ar
(a) **fhoghlaimeoirí Gaeilge**
(b) **chainteoirí líofa Gaeilge**
le bheith páirteach sa scéim **Gaelchara**

Oibreofar in éindí lena chéile, leis an nGaeilge a úsáid níos minicí sa mbaile agus sa bpobal.

Bronnfar **€250** an duine ar an fhoghlaimeoir agus ar an meantóir.

Tá tuilleadh eolais agus an fhoirm iarratais ar fáil ó:
**optchoisfharraige@gmail.com** nó **083 010 6294**

# GAELCHARA

## – CHOIS FHARRAIGE –

## Céard é Gaelchara?

Is scéim forbairt teanga í Gaelchara a thugann deis do fhoghlaimeoirí, do dhaoine nua isteach sa gceantar agus cainteoirí líofa cur lena gcuid Gaeilge agus Gaeilge a úsáid níos rialta sa bpobal. Cuirfear meantóir agus foghlaimeoir in aithne dá chéile agus oibreofar in éindí le deiseanna a thabhairt don fhoghlaimeoir cur lena c(h)uid Gaeilge agus an Ghaeilge a úsáid níos minicí sa saol laethúil sa mbaile, leis na comharsain agus sa bpobal.

## Céard í an aidhm?

- Deis a thabhairt do dhaoine atá lonnaithe i gCois Fharraige tógáil ar a bhfuil de Ghaeilge acu.
- Deis a bheith ag daoine atá lonnaithe i gCois Fharraige níos mó Gaeilge a úsáid sa gceantar.
- Tacú le daoine teacht ar dheiseanna le bheith níos gníomhaí sa bpobal.
- Cur le líon na gCainteoirí Laethúla Gaeilge i gCois Fharraige.

## Cé atá feiliúnach do Ghaelchara?

- Foghlaimeoirí agus cainteoirí líofa Gaeilge a bhfuil cónaí orthu i gCois Fharraige.
- Tabharfar tús áite d'iarratasóirí a bhfuil leibhéal réasúnta Gaeilge acu.
- Níl an scéim feiliúnach do ghlantosaitheoirí an babhta seo.

# CLUB SCANNÁN CHOIS FHARRAIGE

Cuirfear tús le gearr-shéasúir scannáin i Seanscoil Sailearna ar an Déardaoin 7 Márta. Ní bheidh ach ceithre scannán á léiriú. Seo a leanas na scannáin atá roghnaithe don ghearr-shéasúir.
Ar an 7 Márta, léireofar 'Anatomy of a Fall' (An Fhrainc), ar an 21 21 Márta, beidh 'Our River, Our Sky' (An Iaráic) le feiceáil, sula léireofar 'Past Lives' (Stáit Aontaithe) ar an 28 Márta agus le críoch a chur leis an séasúr, ar an 4 Aibreán, beidh deis ag baill an chlub an scannán 'Fallen Leaves' (An Fhionlainn) a fheiceáil.
Roimhe sin ar an Satharn agus ar an Domhnach 24 agus 25 Feabhra, beidh scannáin de chuid Féile Scannán Bhaile Átha Cliath á léiriú i Seanscoil Sailearna. Is mar chuid de chamchuairt ar dheich n-ionad scannán ar fud na tíre atá na scannáin ag teacht go Club Scannán Sailearna. Seo thíos na scannáin a bhas le feiceáil, mar chuid den chamchuairt: 'Toni' (An Fhrainc) ar an Satharn 24 Feabhra. Ar an Domhnach 25 Feabhra, léireofar gearrscannáin na Féile ó thíortha éagsúla ag 12 meánlae, sula léireofar an scannán 'Mami Wata' (An Nigéir) @ 2:30i.n. Tá breis eolais ar fáil ón suíomh www.clubscannán.ie agus is féidir ticéid a cheannach ó 'Ticket Tailor' ach an nasc ar an suíomh a úsáid.







